

TG4 Foghlaim: Réamhobair

A Pléigh an ráiteas thíos le do ghrúpa. An aontaíonn sibh ar fad leis?

Braithim go dtugann an córas oideachais scileanna luachmhara dom don saol amach romham.

B Scríobh brí an fhocail sa cholún ar dheis.

an fhadhb is mó	
bulaíocht ar líne	
ag dul in olcas	
rás na bpointí	
an iomarca brú acadúil	
fadhbanna sóisialta go ginearálta	
tionchar na meán sóisialta	
brú aoisghrúpa	
déagóirí na linne seo	
cúthaileach	

C Cum abairtí leis na focail ó Chuid B thuas.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____
7. _____
8. _____
9. _____
10. _____

Gheobhaidh tú pointe amháin as gach abairt nua a chumann tú le focal amháin ón liosta ann. Tá bónas trí phointe ar fáil le haghaidh gach focail bhreise ón liosta atá tú in ann a chur in aon abairt amháin.



A Freagair na ceisteanna.

1. Cén fáth a bhfuil go leor brú acadúil ar dhéagóirí, dar leis na daltaí? (Níos mó ná freagra amháin.)

- Mar gheall go gcaithfidh tú céim a bheith agat le post maith a fháil
- Níl meas ar bith ar obair láimhe níos mó
- Mar bíonn an iomarca ábhar ag daltaí ag leibhéal na hArdteistiméireachta

2. Cén fáth a bhfuil an córas cothrom, dar le Cillian?

- Mar bhí an córas céanna ann riamh
- Mar déanann gach duine an scrúdú céanna
- Mar tá nasc láidir idir obair chrua agus cúrsa a bhaint amach

3. Cén locht atá ag Sarah, an cainteoir deiridh, ar an gcóras?

- Tá sé bunaithe ar phointí, seachas ar oiriúnacht an duine don chúrsa/phost
- Tá pointí arda ag teastáil le haghaidh gach cúrsa
- Tá an córas bunaithe ar phrionsabail sheanfhaiseanta

B Scríobh isteach an fhoirm cheart den aidiacht (idir lúibíní) thíos.

brú (millteanach): _____

fadhb (mór): _____

scoil (cuimsitheach): _____

bliain (fada): _____

scrúdú (ginearálta): _____

cur chuige (mí-oiriúnach): _____

duine (cúthaileach): _____

forbairt (pearsanta): _____

córas (lochtach): _____

deiseanna (iontach): _____

ciorruithe (mór): _____

ranganna (leadránach): _____

áiseanna (maith): _____

múinteoirí (tuisceanach): _____

fadhbanna (uafásach): _____

leabhair (daor): _____

daoine (óg): _____

ábhair (crua): _____

C Plé ranga: Ag labhairt faoi bhrú acadúil.

Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- An bhfuil níos mó brú go hacadúil ar dhéagóirí na linne seo, dar leat?
- An bhfuil níos mó brú ar dhaoine óga anois marcana maithe a fháil ná mar a bhí?
- An bhfuil an córas pointí atá againn in Éirinn cóir agus cothrom?
- Cé acu is fearr, measúnú leanúnach nó scrúduithe deireadh bliana?
- An ndearna tú an Idirbhliain? Cé na buntáistí agus míbhuntáistí atá ag an Idirbhliain?

D Plé ranga: Ag dul i ngleic le brú.

Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- An mbíonn tusa faoi bhrú mar gheall ar scrúduithe?
- Cé mhéad ábhar ar fad atá á ndéanamh agat?
- Cén chaoi a dtéann tú i ngleic leis an mbrú sin?
- Céard a chuireann is mó brú ort, scrúduithe cainte nó scrúduithe scríofa?

Breac síos liosta moltaí le dul i ngleic le brú agus strus acadúil agus déan comparáid idir do liostasa agus liostaí na ndaoine eile i do rang. An bhfuil na straitéisí céanna agaibh?



TG4 Foghlaim: Mír a Dó

A Freagair na ceisteanna.

1. Cén mhéad pointe atá ag teastáil don chúrsa san eacnamaíocht bhaile?

- 400
- 440
- 450

2. Cén fáth a bhfuil Colin ag iarraidh céim sa chuntasaíocht a bhaint amach?

- Toisc go bhfuil spéis aige sa mhatamaitic agus in úsáid figiúirí
- Toisc gur maith leis a bheith ag plé le hairgead
- Toisc go bhfuil pá maith le fáil san earnáil sin

3. Cá háit ar mhaith le hEile dul ar an ollscoil?

- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- Coláiste na Tríonóide

B Plé ranga: Mo rogha cúrsa tríú leibhéal.

Freagair na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- Cén cúrsa a bhfuil tú féin ag iarraidh tabhairt faoi? Cé mhéad pointe a bheidh i gceist?
- Cén fáth ar roghnaigh tú an cúrsa sin?
- An bhfuil tionchar ag do chuid tuismitheoirí ar do rogha cúrsa?
- Cá háit ar mhaith leat dul ar an ollscoil nó ar chúrsa traenála?
- Ar mhaith leat bliain shaor a thógáil amach ón gcóras oideachais sula dtéann tú ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile? Cén fáth?

C I gceann deich mbliana...

Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- Céard ba mhaith leat a bheith ar siúl agat i gceann deich mbliana?
- Cén post ba mhaith leat a bheith agat? Cén fáth?
- Céard a bheidh le déanamh agat chun post mar sin a fháil? An dteastaíonn traenáil ar leith nó céim?
- An gceapann tú go mbeidh an post céanna agat ón am a thosaíonn tú ag obair go dtí go dtéann tú ar scor?



TG4 Foghlaim: Mír a Trí

A Freagair na ceisteanna.

1. Cathain a bheidh an próiseas iarratais ar oscailt arís?

- Ar an gcúigiú lá de mhí na Bealtaine
- Ar an gcéad lá de mhí Iúil
- Ar an gcúigiú lá de mhí Iúil

2. Cén fáth nach bhfuil éileamh ar chúrsaí innealtóireachta?

- Mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta
- Mar gheall nach gcuireann cailíní isteach ar chúrsaí innealtóireachta
- Mar gheall go bhfuil na pointí ró-ard

3. Cén fáth ar seoladh amach tairiscintí chuig ‘daoine randamacha’ faoin seanchóras?

- Mar gheall nach raibh dóthain éilimh ann
- Mar gheall go raibh na pointí céanna acu ar fad agus ní raibh dóthain spáis ar na cúrsaí
- Mar gheall gur theip ar an gcóras

4. Cé na buntáistí atá leis an gcóras nua? (Níos mó ná freagra amháin.)

- Beidh sé níos éasca ar lucht ceartúcháin
- Beidh sé níos éasca deighilt a dhéanamh idir iarrthóirí ar na cúrsaí difriúla
- Beidh sé níos éasca ar dhaltaí é a thuiscint

B An Lár-Oifig Iontrála (CAO): Freagair na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- Céard iad na buntáistí agus na míbhuntáistí atá ag baint leis an gcóras iontrála don tríú leibhéal?
- An bhfuil córas oideachais tríú leibhéal na hÉireann cóir ó thaobh deiseanna iontrála?
- An bhfreastalaíonn an córas go maith ar gach éinne? Cén fáth?

C An todhchaí: Freagair na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- An féidir le daoine ocht mbliana déag d'aois fios ceart a bheith acu faoin bpost ceart dóibh?
- Cad iad na rudaí a bhfuil tú ag súil leo sa saol atá amach romhat?
- An gceapann tú go bhfuil teangacha tábhachtach sa lá atá inniu ann?
- Ar mhaith leat a bheith ag obair thar lear lá éigin? Cén fáth?
- Dá mbeifeá i gceannas ar an gcóras oideachais in Éirinn, céard a dhéanfa chun cúrsaí a fheabhsú do dhaltaí agus do mhúinteoirí?